



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Teimpléad Aonad Foghlama
CLIL/FCÁT



Ábhar: OSPA

Téama: Sabháilteacht ar líne

Torthaí Foghlama (Ábhar + Teanga)

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

Abhár:

- 1.7 eolas cuí agus iontaofa faoi shláinte agus folláine a aimsiú
- 1.9 léirthuisicint a bheith aige ar an tábhacht atá le hiompar measúil agus cuimsitheach chun timpeallacht shábháilte atá saor ó chlaontacht agus ó leatrom a chur chun cinn
- 2.2 léirmheas a dhéanamh ar éifeacht na meán, na fógraíochta agus tionchair eile ar chinntí an duine faoin tsláinte agus faoin bhfolláine
- 2.9 scileanna maithe cumarsáide a úsáid chun freagairt don cháineadh agus don aighneas
- 2.10 cur síos a dhéanamh ar fhreagairtí cuí i leith teagmhais bhulaíochta

Teanga:

- 1.4 ábhar agus foinsí éisteachta a roghnú agus a roinnt, ag úsáid teicneolaíochta digiteacha
- 1.9 taitneamh a bhaint as téacsanna ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt
- 1.11 teachtaireachtaí pearsanta cumarsáide a chur in iúl a bhaineann leis an ngnáthshaol
- 1.16 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh faoin méid atá cloiste aige
- 1.18 tuairimí pearsanta a fhorbairt agus a chosaint ar nithe a bhaineann le hábhair ar spéis leo féin
- 1.22 soiléiriú nó athrá a lorg
- 1.23 eolas a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú
- 1.24 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha
- 1.25 téacsanna ábhartha a chumadh le tuiscint ar lucht a léite
- 1.26 dréachtú, léamh siar agus athdhréachtú a dhéanamh
- 1.28 tuairimí pearsanta a chur in iúl agus a mhíniú
- 1.29 freagairt go pearsanta do théacsanna
- 2.2 earraidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus na cúiseanna leo a thuiscint.
- 2.4 litriú agus poncaíocht cheart a aithint agus a úsáid
- 3.4 féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn



Príomhfhoghlaim

- Go mbeadh daltaí ar an eolas faoi acmhainní agus treoir atá ar fáil
- Tionchar na meán sóisialta ar mheon agus ar fholláine an duine óig á chur faoi bhráid na ndaltaí.
- Go mbeadh daltaí ar an airdeall conas cumarsáid shábháilte a dhéanamh ar na meáin
- Go mbeadh daltaí in ann bealaí a fhorbairt chun iad féin a chosaint ar líne
- Go mbeadh daltaí in ann scileanna tuisceana a fhorbairt - scagadh a dhéanamh ar eolas firiciúil agus eolas bréagach atá le feiscint ar líne

Intinní Foghlama (Ábhar + Teanga) (Ábhar)

Táimid ag foghlaim chun...

- Trí acmhainn a ainmniú agus a aimsiú más gá dóibh cabhair a lorg agus iad i bponc ar líne.
- Iniúchadh a dhéanamh ar na buntáistí agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí digiteacha ar fholláine an duine óig.
- Trí rud a dhéanamh chun iad féin a chosaint ar líne – Pasfhocal láidir a chruthú, a socruithe príobháideacha a athrú agus a láidriú, iompair shabháilte/mhíshabháilte a aithint (ag labhairt le stráinséirí &rl) foinsí iontaofa faisnéise a roghnú agus claonadh agus dochar a aithint ar líne.
- Anailís a dhéanamh ar na fadhbanna agus ar na hiarmhairtí féideartha a bhaineann le faisnéis bhréagach a scaipeadh.
- Treoirínite a chruthú chun faisnéis bhréagach a sheachaint i suíomhanna sóisialta agus acadúla.

Eispéiris Fhéideartha Foghlama

- Bileog mhachnaimh ar ár n-iompair ar líne.
- Ról-ghlacadh – cén chomhairle a thabharfá don duine seo faoin bhfadhb atá acu ar líne?
- Giota físeáin ó Webwise (Connected) faoi fholláine ar líne
- Plé ranga
- Treoirínite a scríobh/póstaer a dhéanamh ar
- conas pasfhocal láidir a chruthú.
- Fíor nó bréagach? An bhfuil an scéal nuachta seo fíor nó bréagach, conas atá a fhios agat?
- Tobsmaointeoireacht
- Díospóireacht siúlóide
- Anailís a dhéanamh ar fhíseán 'deepfake'
- Ted Talk: Físeáin bhréige d'fhiordhaoine agus an chaoi lena n-aithint: [Fake Videos of Real People and How to Spot Them](#).
- Treoirínite a chruthú maidir le conas faisnéis bhréagach a aithint agus a sheachaint



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Teimpléad Aonad Foghlama CLIL/FCÁT



(Teanga)

Táimid ag foghlaim chun...

- Eochairfhocail bainteach leis an téama seo a thuiscint agus a úsáid
- Rólghlacadh – Cén chomhairle a thabharfá... intreoir don mhodh coinníollach
- Machnamh – an aimsir láithreach a úsáid (ceapaim... mothaím &rl)

Measúnú

- Dialann Mhachnaimh
- Cluiche Kahoot - tagairtí d'acmhainní ar líne maidir le treoracha agus le tacaíocht *Padlet* cruthaithe ag daltaí
- Comórtas ealaíne - feachtas fógraíochta chun aird a tharraingt ar an téama - "sábháilteacht ar líne"
- Cruthaigh treoirlínte ar conas fáisnéis bhréagach a aithint agus a sheachaint
- Treoirlínte/póstaeir a dhéanamh ar conas pasfhocal láidir a chruthú.
- Aiseolas ó bhéal
- Plé ranga
- TikTok/Físeán a chruthú ar shabháilteacht ar líne

CALPS

Claonadh, Fabhar, Bolscaireacht, Múnlú
Inchinne, Aoir, Íoróin, Bréagach, Fíor,
Tionchair, Brú, Mímhacánta,
Caolaigeanta, Casadh ar scéal, Searbhas,
Sainrogha, Míthreorach, Clicmhealladh,
Iriseoireacht mhíshlachtmhar, Nuacht
chlaonta, Domhain bhréige, Dallamullóg
Súl, Faisnéis Bhréagach, Bolgán scagaire,
Folláine, Teicneolaíochtaí digiteacha, Brú
digiteach